

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA NEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARHTHA

Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta



Go leor ar siúl an mhí seo.....

- Tuilleadh Féiltí
- Imeachtaí
- Scéimeanna
- Deiseanna

Scéim Tacaíochta sna hEalaíona Dúchasacha don Óige

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail ar mhian leo clár sna healaíona dúchasacha a fhorbairt i measc an aos óg. Tá sé i gceist go mbeidh an scéim seo ag freastal ar cheantracha Gaeltachta nach bhfuil scéim nó eagraíocht ag láimhseáil a leithéid do scéim nó clár sna healaíona dúchasach cheanna féin.

Spriocdháta: 23 Lúnasa 2019

Déan teagmháil leis an gcomhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige chun breis eolais agus foirm iarratais a fháil:

Elaine Scahill,
Comhordaitheoir sna hEalaíona dúchasach don Óige
e.scahill@udaras.ie nó 091-503100.



Nuacht

Ealaíontóir Gaeltachta sa Ghréig.....

Bhí an t-ealaíontóir Dhuibhneach Andrew Duggan páirteach le déanaí sa féile EyesWalk i Syros na Gréige. 'Sé an saothar unravel_rois a bhí a chuir i láthair aige ann, saothar a chruthaigh sé ar Inis Oirr i 2012 i dteannta Olwyn Fouéré agus Siobhán Dempsey agus le thacaíocht Ealaín na Gaeltachta agus Áras Éanna. Deireann Andrew go raibh freagra an-mhaith ar an saothar sa Ghréig, le 'corraitheach' an focail a bhí á úsáid acu siúd a raibh ag faire ar, teilgithe ar fhoirgneamh mór tréigithe i Syros. In áirde ar seo, d'aithin sé cosúlachtaí idir Syros agus an nGaeltacht, le meascán do thraidisiúin ársa, teicneolaíocht nua agus meon oscailte; agus deiseanna na cosúlachtaí seo a chuardach amach anseo.

Fuair Andrew tacaíocht ó Chultúr Éireann agus Ealaín na Gaeltachta don léiriú i Syros.



Siobhán Ní Dhuinnín ar ais mar Rinceoir Cónaitheach Mhúscaí



Ní bheidh aon stop leis an rince i Mhúscaí, anois go mbeidh an dara thréimhse á dhéanamh ag Siobhán Ní Dhuinnín mar rinceoir cónaitheach san Ionad Cultúrtha, ag tosnú sa Fómhair. Bhí thart ar 380 daoine páirteach go díreach sa chéad thréimhse cónaitheach a dhein Siobhán, idir rannpháirtithe an scéim amhránaíochta Aisling Gheal, déagóirí agus daoine fásta. Chruthaigh Siobhán dhá ghearrscannán rince mar chuid den dtréimhse cónaitheach chomh maith. Mar chuid don dara thréimhse, beidh Siobhán ag cruthú saothar nua rince in éineacht lena hathair, an bádóir clúiteach Pádraig Ó Duinnín.

Tá an dá thréimhse cónaitheach maoinithe ag Scéim Cónaitheachta d'Ealaíontóir Damhsa na Comhairle Ealaíona, Ealaín na Gaeltachta agus Comhairle Chontae Chorcaí, le thacaíocht an tIonad Cultúrtha.

Féilte/Imeachtaí

Loinneog Lúnasa, Gaoth Dobhair 7-12 Lúnasa 2019



Féile pobail-bhunaithe a thugann ardán do cheol agus do chultúr na Gaeltachta i dTír Chonaill.

7ú - Oscailt Oifigiúil le Ceolchoirm leis an Crann Óg (Amharclann Ghaoth Dobhair)

8ú - Oíche Cheoil le Moya Brennan

9ú - Ceolchoirm 'An Ceangal le Dún na nGall'

10ú – Siúlóidí/Ceardlann Filíochta & Ceolchoirm Glorthaí
Uladh le Cór Óg na Crannóige

11ú- Rása Cuimhneacháin, Ceolchoirm Pauline Scanlon, Oíche cheoil le Fíoruisce dTigh Leo

12ú- Seisiún Amhránaíocht do phaistí le Polca-Phonc
(Amharclann Ghaoth Dobhair), seisiún ceol traidisiúnta dTigh Hiúdaí Bhig

Áras Inis Ghluair, Béal an Mhuirthead

Clár imeachtaí le fáil ar an suíomh

Áras Inis Gluaire

Erris Arts Centre, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.
Fón: 097-81079 info@arasinisgluaire.ie www.arasinisgluaire.ie

Clár Imeachtaí, An tSamhraidh 2019

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne www.ionadculturtha.ie

Amharclann Ghaoth Dobhair

Oíche Airneáil leis "An Crann Óg"
Beidh oíche airneáil leis "An Crann Óg" ar siúl san Amharclann ar an 3ú Iúil agus achan oíche Dé Ceadaoine i rith an tsamhraidh. 8 in., €3 cead isteach. Tuilleadh eolais faoi Scoil Cheoil na Crannóige: <http://crannog.ie>

Ø Inni-K -Ceolchoirm

Ticéad €15/€10


Dáta & Am: 13 Iúil, 8-10i.n

Ø Ireland's Call - Mar pháirt d'Fhéile Ealaíne an Earagail

Ticéad €15/€12

Dáta & Am: 19ú Iúil- 8in

An Gailearaí - Gaoth Dobhair



Taispeántas -> Oileáin : Cóstaí : Léaslínte
12 Iúil: Oscailt Oifigiúil @8i.n
"Ní hamháin go bhfuil sé mí-oiriúnach an lipéad 'Primitíbhreach' a úsáid i gcás Scoil Phéintéireachta Thoraí ach nuair a dhéanann muid amhlaidh teipeann orainn staidéar a dhéanamh ar na miondifríochtaí dúchasacha a fhágann gur ealaíontóir é an t-ealaíontóir oileáin a bhfuil stíl faoi leith aige/aici.... Dealraíonn sé go mbíonn samhlaíocht agus taithí faoi leith i gceist sa dóigh a bhfeiceann muintir an oileáin iad féin ar an domhan seo agus ina ndúiche féin." - Íomha James Dixon

Chomha maith le sin tá suíomh úr forbartha ag An Gailearaí...www.angailearai.ie

Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

Scéim Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht 2019

Scéim í seo atá ag freagairt de Phlean Staitéiseach Ealaín (na Gaeltachta) Teo. 2018-2022 agus ar na tosaíochtaí seo go sonrach:

- Cuidiú le pobal na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon.
- Tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú.
- Tacú leis an bhforbairt ar cheannasóirí agus ar chumasóirí chultúrtha.

Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

Scéim Síol

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ar suim leo mionthionscadail nó tosaíochta ealaíon a fhorbairt. (m.sh, forbairt gairme agus oiliúint faoi leith, tacaíocht le seoladh dlúthdhiosca, réiteach taispeántais, trealamh, cothú imeachtaí beaga, féilte beaga ealaíona, srl). Spriocdháta leanúnach.

Tuilleadh eolais maidir leis na scéimeanna seo go léir, foirm iarratais, critéar srl. ar fáil ó na hÁisitheoirí Ealaíon réigiúnacha. Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

Sonraí uilig don dá scéim thuas le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona - ealain@udaras.ie

Na hEalaíon Dúchasacha

Scéim Tacaíochta sna hEalaíona Dúchasacha don Óige

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail ar mhian leo clár sna healaíona dúchasacha a fhorbairt i measc an aos óg.

Tá sé i gceist go mbeidh an scéim seo ag freastal ar cheantracha Gaeltachta nach bhfuil scéim nó eagraíocht ag láimhseáil a leithéid do scéim nó clár sna healaíona dúchasach cheanna féin.

Spriocdháta: 23 Lúnasa 2019

Deis Oiliúna i dTeagasc na hEalaíona Dúchasacha

5ú Meán Fómhair agus 26ú Deireadh Fómhair, Óstán Chois Fharraige, Na Forbacha.

Beidh an modúl seo á theagasc thar dhá lá agus tabharfaidh sé eolas do na rannpháirtithe ar rólanna agus freagrachtaí an Teagascóra agus iad i mbun teagaisc na healaíona dúchasacha.

Tá an cúrsa seo á eagrú ag Ealaín na Gaeltachta, mar chuid den Chlár sna hEalaíona Dúchasach don Óige, i gcomhpháirt le Ollscoil Uladh. Tá an oiliúint seo creidiúnaithe ag Ollscoil Uladh. Tá 10 ECT ag dul ina threo seo ag leibhéal a 4 Ollscoile. s í an Dr. Liz Doherty a bheidh i mbun an teagasc. Tá spásanna teoranta ,

Deán teagmháil le Elaine Scahill le haghaidh tuilleadh eolais faoi chlár sna hEalaíona Dúchasacha:

091503100 nó ealain@udaras.ie

Deiseanna

An Chomhairle Ealaíon

Dámhachtain do Thionscadail sna hEalaíona Traidisiúnta, agus sa réimsí eile ealaíona. Spriocdháta 15 Lúnasa do thionscadail a bheidh ar siúl i 2020. **15-Lún**

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

www.artscouncil.ie

Cistí na hÉireann - The Ireland Funds

Fógraíonn Cistí na hÉireann €1 milliún de mhaoiniú atá ar fáil do Bhabhta Deontais 2019.

Roinnfear an €1 milliún go cothrom ar fud na nDámhachtainí Suaitheanta agus an Bhabhta Deontais Bheaga. Tá siad ag lorg iarratais ó eagraíochtaí a thacaíonn le síocháin, oideachas, forbairt pobail agus na healaíona agus cultúr. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí leasmhara níos mó a fhoghlaim faoina bpróiseas iarratais ag an nasc thíos:

<https://irelandfunds.org/grants/>

Create Ireland

Bí páirteach le Create agus comhpháirtithe Gailearaí Ealaíne Crawford (Corcaigh), Counterpoints Arts (Londain), Cifil Ealaíon (Chesham) agus St Helens Glass (St Helens) do Lá Náisiúnta Líonraithe 2019.

Dáta: **26 Meán Fómhair**

R/P: info@create-ireland.ie

Cuir d'áit in áirithe: www.tickettailor.com/events/createnetworkingday

Clár Age & Opportunity

1. Ealaíontóir Cónaithe i Suíomh Cúraim

2. Camchuart Bealtaine 2020 – Glaoch Oscailte

3. Cór Suaitheanta Bealtaine 2020 – Glaoch Oscailte

Gach eolas le fáil ar an suíomh: www.bealtaine.ie

Éigse Éireann

Coinnigh do shúil amach do deiseanna do scríbhneoirí ag an nasc thíos.

www.poetryireland.ie/writers/opportunities/

Glaoch Áras Inis Gluaire Clár Taispeántais 2020/21

Glacfar le hiarratais suas go **Deireadh Fómhair 2019**. Cuirtear fáilte roimh chuille réimse ealaíona. Cuirtear fáilte chomh maith roimh tograí aonarach nó ó ghrúpa agus tabharfar 3 lá leis an taispeántas a chrochadh.

Breis eolais .09781079 www.arasinisgluaire.ie

Eolas Fúinn




Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonail
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Schail
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100